Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2010

Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide
Gnáthleibhéal
Roinn A (60 marc)

Dé hAoine, 18 Meitheamh
Tráthnóna, 2.00 - 5.00

Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

ROINN A
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

ROINN B
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

ROINN C
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

Treoracha Ginearálta:
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

Scrúduimhir:

ROINN A - Croíréimsí Staidéir - Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo

A-1. Taispeánann an ghrafaic 3D ar clé thíos raicéad leadóige. Is éilips é ceann an raicéid.

Ar an líníocht ar dheis, is é AB an mhór-ais don éilips agus tá cuid den chuar tarraingthe cheana féin.

(a) Aimsigh an mhion-ais agus tóg an éilips iomlán.

(b) Aimsigh na pointí fócais don éilips.



A-2. Taispeánann an ghrafaic 3D thíos cón traenála atá i dteagmháil le liathróid peile (A) agus le liathróid cispheile (B) freisin mar a thaispeántar. Tá na trí mhír ina seasamh ar an urlár.

Taispeánann an líníocht ar dheis bonnchló agus ingearchló an chóin. Taispeántar sféar A freisin sa bhonnchló agus taispeántar sféar B san ingearchló.

(a) Tarraing ingearchló sféar A.

(b) Tarraing bonnchló sféar B.



A-3. Taispeánann an ghrafaic 3D thíos suíochán nua-aimseartha as forhalla óstáin.
Taispeántar bonnchló agus ingearchló neamhchríochnaithe an tsuíocháin ar dheis.

(a) Críochnaigh an t-ingearchló.

(b) Tarraing cló cúnta den suíochán a thaispeánfaidh an fhíoruillinn idir na dromchlaí A agus B.







A-4. Taispeánann an ghrafaic 3D thíos trí chéim ar an mbealach isteach chuig foirgneamh áirithe.

Taispeántar foireann aiseanna isiméadracha ar dheis. Tá ingearchló agus bonnchló neamhchríochnaithe na gcéimeanna suite i gcoibhneas leis na haiseanna mar a thaispeántar.

(a) Críochnaigh bonnchló an ruda.

(b) Críochnaigh an teilgean aismhéadrach.





Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh

Is cuid de Roinn C an léarscáil chomh-airde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.